Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Bealtaine 2022
(OR. en)

8426/22

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0107 (NLE)

LIMITE

MED 12
MAMA 58
RHJ 2

PUBLIC

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Comhlachais a bunaíodh leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le Tosaíochtaí Comhpháirtíochta AE-an Iordáin don tréimhse 2021-2027 |

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE (AE) 2022/…**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Comhlachais a bunaíodh leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le Tosaíochtaí Comhpháirtíochta AE-an Iordáin 2021-2027**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 217 de i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine, den pháirt eile[1], ('an Comhaontú'), síníodh é an 24 Samhain 1997 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2002.

(2) De bhun an Chomhaontaithe, tá sé de chumhacht ag an gComhairle Comhlachais ('Comhairle Comhlachais AE-an Iordáin') arna bhunú leis, cinntí a ghlacadh chun cuspóirí an Chomhaontaithe a bhaint amach.

(3) Tá comhpháirtíocht láidir idir an tAontas agus an Iordáin. Is comhpháirtí lárnach de chuid an Aontais í an Iordáin, agus is mór ag an Aontas an ról modhnóireachta tábhachtach atá ag an Iordáin sa réigiún. D'fhonn an caidreamh daingean ilghnéitheach idir an dá chomhpháirtí a neartú a thuilleadh, sainaithníodh tosaíochtaí comhpháirtíochta chun tacú le cur chun feidhme an Chomhaontaithe agus chun an chomhpháirtíocht idir an tAontas Eorpach agus an Iordáin a threorú agus a bheadh ina bhonn faisnéise di don tréimhse 2021-2027 ('Tosaíochtaí Comhpháirtíochta AE-an Iordáin 2021–2027')

---

[1] An Comhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine, den pháirt eile (IO L 129, 15.5.2002, lch. 3).

(4) Tá Comhairle Comhlachais AE-an Iordáin chun Tosaíochtaí Comhpháirtíochta AE-an Iordáin 2021–2027 a chomhaontú le linn an XIV cruinniú dá cuid.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle Comhlachais AE-an Iordáin a bhunú, ós rud é go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla ag an gcinneadh a bhaineann le Tosaíochtaí Comhpháirtíochta AE-an Iordáin 2021–2027 ar an Aontas.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais i gComhairle Comhlachais AE-an Iordáin' a bhunú ar an dréachtchinneadh atá i gceangal leis seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa 14ú cruinniú den Chomhairle Comhlachais a bunaíodh leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine, den pháirt eile, beidh sé bunaithe ar dhréacht-chinneadh Chomhairle Comhlachais AE-an Iordáin atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa…,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

DRÉACHT

**CINNEADH Uimh... ÓN gCRUINNIÚ DE CHOMHAIRLE COMHLACHAIS AE-AN IORDÁIN**

**an LL/MM/2022**

**maidir le Tosaíochtaí Comhpháirtíochta AE-an Iordáin 2021 - 2027**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE COMHLACHAIS AN AONTAIS EORPAIGH AGUS NA hIORDÁINE,

Ag féachaint don Chomhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine, den pháirt eile,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine, den pháirt eile, síníodh é an 24 Samhain 1997 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2002.

(2) Le hAirteagal 91 den Chomhaontú, tugtar de chumhacht don Chomhairle Comhlachais AE-an Iordáin cinntí iomchuí a ghlacadh chun cuspóirí an Chomhaontaithe a bhaint amach;

(3) I dtéarmaí Airteagal 101 den Chomhaontú Eora-Mheánmhara, tá na Páirtithe le haon bheart ginearálta nó sonrach is gá a dhéanamh chun a n-oibleagáidí faoin gComhaontú a chomhlíonadh agus féachfaidh siad chuige go mbaintear amach na cuspóirí a leagtar amach sa Chomhaontú.

PUBLIC

(4) Le hathbhreithniú Bheartas Comharsanachta na hEorpa, moladh céim nua rannpháirtíochta le comhpháirtithe, rud a d'fhágfadh gur mhó an bhraistint úinéireachta a bheadh ag an dá thaobh.

(5) D'aontaigh an tAontas Eorpach agus an Iordáin a gcomhpháirtíocht a chomhdhlúthú trí thacar tosaíochtaí a chomhaontú don tréimhse 2021-2027 ('Tosaíochtaí Comhpháirtíochta AE-an Iordáin 2021-2027') arb é is aidhm dó tacú le hathléimneacht agus cobhsaíocht na hIordáine agus iad a threisiú, agus féachaint san am céanna le haghaidh a thabhairt ar thionchar na coinbhleachta fadtréimhsí sa tSiria.

(6) Tháinig na Páirtithe sa Chomhaontú Eora-Mheánmhara ar chomhaontú maidir le téacs Thosaíochtaí Comhpháirtíochta AE-an Iordáin, rud a thacóidh le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Eora-Mheánmhara, agus ina ndíreofar ar an gcomhar maidir le leasanna comhroinnte a sainaithníodh go comhpháirteach.

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:



PUBLIC

*Airteagal 1*

Molann Comhairle Comhlachais AE-an Iordáin do na Comhpháirtithe don Chomhaontú Tosaíochtaí Comhpháirtíochta AE-an Iordáin 2021-2027 a chur chun feidhme mar a leagtar amach iad san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo[*].

*Airteagal 2*

Cuirtear Tosaíochtaí Comhpháirtíochta AE-an Iordáin 2021–2027 in ionad Thosaíochtaí Comhpháirtíochta AE-an Iordáin a comhaontaíodh trí bhíthin Chinneadh Uimh. 1/2016 ó Chomhairle Comhlachais AE-an Iordáin[1].

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa xx, lá mí bliain.

*Thar ceann Comhairle Comhlachais an Aontais Eorpaigh agus na hIordáine*
*An Cathaoirleach*

---

* Toscaireachtaúí: féach doiciméad st 8039/22 ad01.

1 Cinneadh Uimh. 1/2016 ón gComhairle Comhlachais AE-an Iordáin an 19 Nollaig 2016 lena gcomhaontaítear Tosaíochtaí Comhpháirtíochta AE-an Iordáin (IO AE L 355, 24.12.2016, lch. 31).



PUBLIC